Polaitíoċt

Aṫrú Airgeadais a Neartuíos an Maorḟlaṫás

An tseaċtain seo caite, tugaḋ isteaċ an bille nua le aṫrú a ḋéanaṁ ar cúrsaí airgeadais sa Dáil, d'ḟonn na cúrsaí seo a réitiú níos tapúla.

Aċ, séard a ṫiocfas as ná méadú eile ar ċuṁaċt an ṁaorlaṫais, agus creimniú eile ar údarás agus cuṁaċt ionadaí an ṗobail.

Bíonn sé seo ar siúl in gaċ tír, agus faoi gaċ rialtas daonlaṫaċ, go mbíonn tuilleaḋ, agus tuilleaḋ cuṁaċtaí á gcruinniú i láṁaiḃ an ṁaorlaṫais, agus á mbaint as láṁa na nionadaí poiblí.

Ní hé sin an cuspóir coṁḟeasaċ atá leis an Ḃille nua, aċ ċun am a ṡáḃailt don Dáil agus do na Teaċtaí, agus sa gcaoi naċ mbeiṫfear ag plé an rud céanna faoi ḋó. Aċ, san am céanna, tá an baol ann go dtiocfaiḋ an toraḋ eile as ċoṁ maiṫ.

Faoi n-ár gcóras rialaċáin faoi láṫair, ullṁaíonn gaċ Roinn Rialtais agus Rannóga atá díreaċ faoi an Rialtas, meastaċán ar a gcuid costaisí don ḃliain dár gcionn, roiṁ ḋeireaḋ mí na Saṁna gaċ bliain. Cuireann siad na meastaċáin seo taréis a scrúdú ag Rúnaí na Roinne, ċuig an Roinn Airgeadais, áit a ndeintear aṫ-scrúdú orṫa. Measann an Rialtas féin na meastċáin seo ansin. Is féidir leo cuid acu a ġearraḋ; is féidir go ndéarfaidís go gcaiṫfí níos mó a ċaiṫeaṁ ar rudaí áiṫrid.

Taréis breiṫ an Rialtais a ḃeiṫ tugṫa, agus go minic, ní mór an breiṫ atá ag an Rialtas. mar glacann siad le 95 p.c. nó b'ḟéidir níos mó, den méid atá ullṁaiṫe, ag Roinn an Airgeadais dóiḃ. Foilsíoḋ Leaḃar na Meastaċán deireaḋ mí Feaḃra, nó tús mí Márta.

D'ḟonn cuṁaċt Dáil Éireann a ċoiméad, ní féidir aon ċaiteaċas a ḋéanaṁ, i mbliain airgid ar biṫ. gan údarás roiṁré ón Dáil fána ċoinne. Ní ḃeiṫfí ábalta na meastaċáin go léir atá san leaḃar a plé, i mí Márta. agus mar sin de, sé an nós a ḃíoḋ ann, ná go n-iarrfaḋ an t-Aire Airgeadais Ḃóta i gCuntas timpeall an triú-ċuid de gaċ meastaċán fá ċoinne na bliana. agus coinníonn sé sin na seirḃísí ag dul ar feaḋ na gcéad ceiṫre mí den ḃliain airgeadais, go dtí deireaḋ Iúil. Fágann sé sin ceiṫre mí ag an Dáil leis na Meastaċáin a plé ceann ar ċeann, ⁊ de ġnáṫ, bíonn an obair críoċnaiṫe sula scoireann an Dáil sa tSaṁraḋ.

Aċ. le linn plé an ḃóta i gcuntas i mí Márta. is minic a laḃrann T.D. go leaṫan ar cúrsaí meastaċán faoi leiṫ, agus ansin, laḃrann siad an dara h-uair nuair a ḃíonn an meastaċán féin dá plé. Agus go minic, deireann siad na rudaí céanna.

Sa gcaoi seo, cuirtear amú ċuid mór ama sa Dáil, agus tuig na Páirtiṫe móra é sin, agus ní hé aṁáin an Rialtas aċ an 'scáile rialtais'. ḃíoḋ siad ar aon tuairim gur ġá móḋ níos fearr a fáil. le cúrsaí airgeadais na Dála a stiúraḋ.

De réir Ḃille Nua i leiṫ Ciste Lár (Buna-Coinníollaċa) 1965, ḋéanfar ar ṡiúl leis an Ḃóta i gcuntas agus an Bille um Ċiste Lár, ar fad. Do réir an Ḃille nua, ḃéarfar buan údarás don Aire Airgeadais, íocaíoċta a ḋéanaṁ as an Ċiste Lár suas go dtí ceiṫre ċúigiú don méid a measaḋ do gaċ seirḃís ar leiṫ san ḃliain roiṁe sin.

Is ionann seo agus go mbeiḋ ḋóṫain airgid le fáil gan ḃóta ar biṫ ón Dáil, leis na seirḃísí a ċoinneáil ag dul, ón 1ú Aibreán, go dtí an Nollaig. Agus mar sin de. is féidir na meastaċáin ar leiṫ, a scaipeaḋ ṫar na naoi mí sin, agus gan iad a ḃeiṫ ag cur isteaċ ar gnóṫaí níos práinní a ḃeaḋ le déanaṁ ag an Dáil. Tá sé sin réasúnta agus ciallṁar nuair a ḟéaċann tú air sa tslí sin, agus fágann sé slí níos fearr fá ċoinne obair na Dála a ḋéanaṁ.

Aċ, ar an taoḃ eile den scéal, fágann sé na Seirḃísí Rialtais, ⁊ Riaraċáin, agus an maorlaṫas i ḃfad. níos saoire ó smaċt Dáil Éireann, agus lagḋaíonn sé daonlaṫas agus cuṁaċtaí agus cúramaí na n-ionadaiṫe poiblí. Mar ṡompla, cé naċ dóiġe go ndéanfaí é, anois díreaċ, nó an ḃliain seo ċugainn, nó an ḃliain dar gcionn, d'féadfaí caiteaċas nua ar rud naċ raiḃ molta ag an Dáil a ṫaḃairt isteaċ i meastaċán áiriṫe. agus má ḃí sáḃailt i rannóg eile don Roinn céanna. an caiteaċas nua a ḃeiṫ ag dul ar aġaiḋ ar feaḋ trí-ceaṫrú den ḃliain, sula dtiocfaḋ sé faoi ḃreiṫ na Dála ċor ar biṫ.

Ba é sreangán an sparáin an ċuṁaċt ba láidre a ḃí ag ċuile ṗairliminṫ ariaṁ, agus is mór an trua an ċuṁaċt sin a ḟeiceáil á lagḋú ar aon ċaoi.

An ndéanfaiḋ sé seo aon imní do T.D.'s insan Dáil? Tá faitíos orm naċ ndéanfaiḋ. Mar aḋúirt an tOllaṁ Ó Laoire, Ollaṁ in Iolscoil na Banríona, Béal Feirste, le déanaí, is beag de na Teaċtaí taoḃ ṫuaiḋ nó taoḃ ṫeas don Teorann gur cúram mór acu cúrsaí rialaiṫe nó riaraċáin. Is mó i ḃfad is cúram dóiḃ freastal ar mion - rudaí a nDáilċeantar féin.

Mar sin de, ní dóiġe go gcluinfiḋ muid mórán cainte faoi an aṫrú seo i gcúrsa í airgeadais. toisc naċ ró ṁaiṫ a tuigeann roinnt ṁaiṫ teaċtaí na cúrsaí sin ċor ar biṫ.

Is trua gur mar sin má 'tá, mar cé go ḃfuil leiṫscéal leis an aṫrú, is trua é go ḃfuil cuṁaċt an ṗobail frío a n-ionadaiṫe ar ċaiteaċas ṗoiblí, á ṁaolú ar slí ar biṫ.

Níl aon teas insan ṗolaitíoċt an tseaċtain seo, nó ins na polaiteoirí aċ oiread. B'ḟéidir go gcuirfeaḋ sé seo ar a súile dóiḃ, níos éifeaċtaí, cuid den ċruatan a gcaiṫeann an gnáṫ pobal cur suas leis. le linn stailceanna. agus b'ḟéidir go gcuirfeaḋ sé ar a n-aire dóiḃ, a ṗráinní agus atá sé, teaċt ar ṗolasaí náisiúnta pá agus tuarastáil, agus gléas agus móḋ ċun maolú a ḋéanaṁ, agus deireaḋ a ċur le stailceanna gan ċúis.

Fuair mé roinnt litreaċa fán dréaċt speisialta a ḃí agam ar Árd-Ḟeis Ḟianna Fáil. Ḃí na scríḃneoirí mí-ṡásta agus géar go maiṫ. Aċ, os rud é go raiḃ timpeall an méid céanna mí-ṡásta go raiḃ mé ró ġéar ar Ḟianna Fáil, agus an méid céanna mí-ṡásta go raiḃ mé fáḃaraċ do Ḟianna Fáil. caiṫfiḋ naċ raiḃ an dréaċt ró ḟada ón ċeart ar ṫaoḃ ar biṫ.

Cloisim go ḃfuil sé ina ábhar pléite insan ciorcail istiġ de Ḟine Gael na laeṫa seo. cé acu is cóir iarratóir a ċur suas don toġċán Uaċtaránaċta, nó naċ cóir. Tuigim go ḃfuil an scéal idir dá ċeann na méide, aċ níor ṫarraing mé siar an méid aḋúirt mé fós, go ḃfuil seans go mbeaḋ an tUasal Ó Diolúin ina iarratóir.

Cím go ndeir tráċtairí eile gur Ó Coistealḃa ionadaí Ḟine Gael don Uaċtaránaċt. Má ġlacann siad mo ċomairle ní ċuirfiḋ. Ní ḃeaḋ seans dá lagad aige. Taréis an iomláin ṫáinig aṫraiṫe áiṫrid ar saol na hÉireann le leiṫċéad blian. Narḃ ḟearr an costas a sáḃáil dóiḃ féin agus don tír.

FEARFEASA.

Litir Ṡasana

Dónal Mac Aṁlaiġ

Gut na Gaeltaċta

Feictear dom féin go raiḃ eagrán na seaċtaine seo caite de AMÁRAĊ ina ṗáipéar coṁ sásúil agus a d'iarrfá. Má's nuaíoċt a ḃí uait—agus ár ndó sé príoṁ ġnó páipéar nuaíoċta an earra úd a ċur ar fáil dá leiṫeóirí ṫar aon níḋ eile — ḃí sin ann duit, agus cuimse. Nuaíoċt as mórán 'ċuile ceárn den Ġaeltaċt, scéalta beaga áitiúla ar ḃfánaċ duit a ḃeiṫ ag súil lena feiceáil sa bpreas "náisiúnta" agus cuid ṁaiṫ eile a ḃí speisiúil, idir ḋréaċta, eagarḟocal agus eile. Le seaċtainí beaga anuas bíonn colún taiṫneaṁaċ ó Risteárd Ó Glaisne ann agus é roinnte i sleaċta suimiúla agus ár ndó ní cliseann Fearfeasa in aon uair orrainn; scrúdú ċoinsiasa a ḃí i gceist ins an eagrán seo aige agus ċaiṫ sé caint ġéar uaiḋ gan aon agó. Anois riṫeann sé liom féin go ḃfuil saoṫar an - ṁór uilig ag baint le foillsiú an ṗáipéar seo in éagmais ḟoireann buan ná deontas maiṫ tacúil rialtais. Ní foláir nó tá an t-Eagartóir ar ḋuine de na fir is droidiúla in Éirinn agus scannall saolta é naċ dtugann Teaċ Laiġean aiṫeantas cuí dó féin ná dá ṗáipéar. Naċ é an trua é costas ṡlánaiṫe na Gaeilge a ḃeiṫ "á ċur san áireaṁ" ag ionadaiṫe tófa na ndaoine nuair tá saoránaiġ anseo is ansúd sásta oiread sin a ċailleaḋ ar ṁaiṫe le Tír agus Teanga?

Acaill na nDeoraiṫe

Agus os ag caint ar nuaċtáin é ḃí sraiṫ an ṁaiṫ faoi Oileán Acla ar an "Irish Times" le goiriḋ. Tarraingt mór luċt déanta saoire a ḃí i gceist sa gcéad mír, faoi mar a ḃíonn an t-oileán lán leo i gcaiṫeaṁ an tsaṁraiḋ. iad ag scinneaḋ timpeall i gcarranna, ag ól agus ag damhsa sna hallaí agus ag á ag aṁránaíoċt 'sna tiṫe ósta, ngrianaḋ féin cois trá. Caiṫeann siad an-ċuid airgid agus gan dabṫ ar biṫ ba ḃoiċte é Acaill ina n-éagmais. Aċ ar an méid sin a ḃeiṫ ráite caiṫfear a ṫuiscint go ḃfuil an scéal leanmar — scéal na h-imirce — gan aṫrú fós. Bíonn oiread málaí taisdil caiṫte isteaċ i mbus Ċaṫair na Mart lá indiaiḋ a ċéile agus ḃí riaṁ, málaí a mbíonn lipéidí greamaiṫe dóiḃ agus Londain nó Learpoll nó Manċuin scríofa orra. An ticéad-aon-treo mo lean! Dar le duine aṁáin de ṁuintir na h-áite naċ raiḃ an scéal coṁ dona scór ḃliain ó ṡoin. Arae cé go raiḃ na daoine ag imeaċt go tiuḃ an t-am sin féin ḃí páistí dá saolú i gcónaí agus mar sin níor ḃaol do ṁuintir Acla a ndíoṫú. Anois de ṫoraḋ na h-imirce go léir ⁊ neaṁ-ḟonn pósaḋ na ndaoine tá an daonra gaiṫe síos coṁ mór sin agus gur contúirt do ṡaol an oileáin anois é. Cuiṁnim féin ar ḃeiṫ ṫiar in Acaill sa mbliain 1950 agus mar a ċuaiġ ganntanas na ḃfear ann coṁ mór sin i gcion orm féin agus mo ċomrádaí Airm. Ní raiḃ Conamara bánaiṫe an t-am sin faoi mar tá anois aċ ḃí cleaċta na mblianta ḃfada ag muintir Acla ar ḃeiṫ ag dul ar an gcoigċríoċ. (A liaċt sin uair agus a ċualas anseo i Sasana iad á rá seo — Ḃí muide ag teaċt anall as Acaill don tír seo aḃfad roiṁ dream ar biṫ eile). 'Ḃí ag caint ar "First Families" Meiriocá, sliocht na Pilgrim Fathers a ċuaiġ anonn ar an Mayflower!

'Sé mo ḃreiṫiúnas féin ar an scéal go ḃfuil an turasóireaċt maiṫ go leor mar ḃealaċ le airgead a ṡaoṫrú don dtír aċ naċ ḃfuil goir ar biṫ aige ar an dtionscalaíoċt. Ba ṁó ab' ḟiú don ġnáṫ fear oibre in Acaill, creidim, monarca maiṫ mór a d'ḟostóḋ cúpla céad duine nó ós a cionn sin. ná a ḃfuil de ḟámairí in Éirinn na taoḃ amuiġ di.

Fuaṫ don Iúdaċ

"Sí Éire an t-aon tír aṁáin nár ṫug sciúrsa don Iúdaċ — ar an áḋḃar naċ raiḃ aon Iúdaiġ in Éirinn!" arsa George Bernard Shaw uair. Níl aiṫne agam féin aċ ar ḋornán Iúdaċ agus mar sin níl a ḟios agam beirṫe ná beo céard is cúis leis an ḃfuaṫ uafásaċ seo a ḃíos ag daoine áirṫid ar an gcine mí-áḋṁaraċ sin. Aċ is rud beo i gcónaí é, mo leán, an ḟriṫ-Iúdaċas seo agus feicim ar ṗáipéar laeṫiúil na h-áite seo go ndeaċa trí ḃliain ṗríosúin ar ḟear i Londain san áit ar ċuir sé Sinagogue Iúdaċ ḟré ṫine le corp fuaṫ don dream ar leo é. Aċ caiṫfear a aḋṁáil gur annaṁ rudaí mar sin ag tárlú sa mBreatain — sí Meiriocá an tír is mó ina mbíonn fuaṫ á ċoṫú dona Iúdaiġ pébrí cé'n fáṫ. An gné is aite ar fad faoi'n ḃfriṫ-Iúdaċas céanna seo ná indiaiḋ coṁ minic agus a cloistear daoine ag caiṫeaṁ anuas ar an gcine sin, má cuireann tú ceist orra ina ṫaoḃ agus má iarrann tú orra a ṁíniú go mion agus go beaċt duit céard tá aca in aġaiḋ na n-Iúdaċ — céard tá déanta aca leis an ḃfuaṫ seo uilig a ṫuilleaṁ — ḃí ḟreagra sásúil a ṫúirt ar do ċeist. Rud coscarṫaċ, rud cinnte go dteipfiḋ glan orra aon scannraíoḋ tá sa gclaontas gránna seo agus ba ṫoraḋ air campaí braiġleanais Belsen agus Buchenuald; dá ligtí do rudaí mar sin tárlú arís ar ḋruim an doṁain seo ḃeaḋ a ċion féin den ṁilleán ar 'ċuile ḟear nó bean a lig srian le fuaṫ den tsaġas seo in am ar biṫ.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

Gantanas Oibriṫe ag Sionainn

TAISTIL 35 MÍLE : AISEANNA SPEISIALTA

Tá gannṫanas oibríṫe ag Sionainn. ní aṁáin sin, aċ níl slí cónaiṫe do a h-oibríṫe go léir i aice leis an eastát tionsclaċ.

Tá cuid de na tionsclóirí ansin ag déanaṁ socraiṫe taistil do na gcuid oibríṫe, agus tá oibríṫe ann atá ag taisteál 35 míle gaċ lá ann agus as. Cuireann na Comluċta minibus nó busanna móra ar fáil le iad a iompar ċuig an obair agus ṫar n-ais na baile.

Tá cuideaċtan eile, E. I. Teo., a raiḃ an ġannṫanas cailíní orṫa, fá ċoinne oibre, a ṫug cailíní isteaċ ó Corcaí, Ciarraí. Roscomáin. Ceaṫarlaċ agus Laois.

Ḃunaiġ siad coilínteaċt ar leiṫ de 24 tiṫe cónaiṫe de 3-seomra leapan agus cónaíonn na cailíní insan ċoilínteaċt seo, san eastáit tionsclaċ. Fiú aṁáin, cuireann an Comlucta Seirbís bus ar fáil, leis na cailíní a ṫaḃairt ċuig damhsaí agus ċuig na pictiúirí.

An gcuireann sé smaointe ar biṫ in do ċeann faoin rud a ba ġá a ḋéanaṁ le obair a soláṫar do ṗobal na Gaeltaċta. Oibriṫe na Gaeltaċta a ṫaḃairt ċuig na h-ionaid tionscail. agus aiseanna a ċur ar fáil dóiḃ. Smaoiniġ air.

Óibriṫe Feirme

I gCiarraí, idir an ḃliain 1962 agus 1964 ṫáinig ísliú 800 ar gaolta an ḟeirmeora ag obair ar feirmeaċa, agus ísliú de 100 oibríṫe lán aimsire, agus 100 oibríṫe páirt-aimsire. ar na feirmeaċa. Sa tréiṁse ċéanna, ṫáinig ardú de 400 ar uiṁir na dtarracairí.

I nGaillim sa tréiṁse céanna, ṫáinig ísliú 1,500 ar gaolta feilméaraí ag obair ar ḟeilmeaċa, agus ísliú 100 ar fir eile, lán-aimsireaċ, agus 200 páirt-aimsire agus ṫáinig méadú 200 ar uiṁir na dtarraicairí.

I Muiġeo. den tréiṁse céanna, b'iad na figiúirí ná 500 gaolta, agus 300 oibríṫe lán-aimsireaċ ⁊ 700 oibríṫe páirt-aimsire níos lú agus 200 tarracairí níos mó.

I dTírċonaill, ḃí ísliú 1,000 gaolta feirmeora, 200 oibríṫe lán-aimsireaċ agus 100 oibríṫe páirt-aimsireaċ agus méadú 600 ar uiṁir na dtarraicairí.

Gan Loingis Cosanta Fós

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Sir Antoine Esmonde, don Aire Cosanta, an dtug sé breiṫ ar biṫ go fóill faoi soláṫar longa nua-aimsire, sa gcaoi gur féidir leis a seirḃís muirí caoḃnú a ḋéanaṁ ar críoċa farraige na hÉireann.

Dúirt an tUasal Ó hIrġile, T.D., Aire Cosanta. nar glacaḋ breiṫ ar biṫ go fóill.

Sir A. Esmonde — Naċ ḃfuil ḟios agan Aire go ḃfuil longa nua-aoiseaċ ag teastáil. An dtiocfaiḋ leis a insint dúinn cén uair a ġlacas sé breiṫ. nó fiú má tá an t-airgead gann seo rud a ċaḃróḋ le forḃairt a ċur fé'n eacnamaíoċt.

An tUasal Ó hIrġile — Tá daoine ábalta ag scrúdú na ceiste, agus nuair a ḃéas an scrúdú críoċnaiṫe, measfaiḋ mé an gnó.